I Ráiteas Straitéise Cumarsáide Leictreonaí ComReg 2021-2023 go bhféachann ComReg i gcónaí le bheith ina eagraíocht a bhfuil meas aici ar inbhuanaitheacht chomhshaoil. Tá roinnt tionscnamh glás déanta ag ComReg le blianta beaga anuas chun a lorg carbóin eagraíochtúil a ísliú, de réir an dea-chleachtais. Mar shampla, úsáideann ComReg 'cupáin a choinneáil' agus ní úsáideann sé cupáin indiúscartha a thuilleadh mar chuid dá iarrachtaí dramhaíl a laghdú. I mí na Nollag 2019, sheol ComReg Glao ar Ionchuir (CFI) 'Nascacht agus Dícharbónú' chun tuiscint níos fearr a fháil ar chaidreamh na hearnála cumarsáide leictreonaí leis an athrú aeráide, lena n-áirítear conas is féidir leis an earnáil cabhrú le dícharbónú a éascú ar fud an gheilleagair, conas is féidir leis an earnáil a lorg carbóin féin a laghdú agus conas is féidir léi oiriúint do thimpeallacht atá ag athrú.

Rinne ComReg breithniú cúramach ar na freagraí a fuarthas chun bonn eolais a chur faoina straitéis féin, chun roinnt príomhthionscadal agus príomhghealltanais a mhúnlú, agus chun plé le raon páirtithe leasmhara a éascú, lena n-áirítear oibreacha agus gníomhaireachtaí Éireannacha eile. Tá roinnt tionscnamh déanta ag ComReg freisin mar chuid dá chuid oibre ar cheist na hinbhuanaitheachta.

Speictream d'Eangacha Cliste

Tá iarrachtaí déanta ag ComReg a chinntiú go n-éascaíonn sé dícharbónú. Is córais líonra fónais éifeachtacha iad Eangacha Cliste a úsáideann teicneolaíocht uathoibríthe dhigitigh de ghnáth chun monatóireacht, rialú agus anailís a dhéanamh laistigh den slabhra soláthair. Agus aitheantas á thabhairt aige don phríomhról atá ag an Eangach Chliste mar chumasóir i laghdú astaíochtaí GCT, in 2019, shann ComReg cearta úsáide speictrim raidió go sonrach chun Eangach Chliste a sholáthar i bpróiseas Dámhachtana 400 MHz.

Sóisialta

Creideann ComReg go daingean an tábhacht a bhaineann le timpeallacht chuimsitheach agus chothrom dóibh siúd go léir atá ag obair in ComReg. Tá sé ríthábhachtach go gcaitear le daoine in ComReg le meas agus le dínit. Tá ár luachanna Ionracais, Neamhchlaontachta, Trédhearcachta, Sármhaitheasa agus Éifeachtachta - agus na hiompraíochtaí a bhaineann leis na luachanna seo - fite fuaite inár n-idirghníomhaíochtaí agus cinntí laethúla. Tá na luachanna mar chuid de Chairt Meas ComReg freisin.

I mí Mheán Fómhair 2019, chuir ComReg cúrsa saincheaptha r-fhoghlama claontachta neamh-chomhfhiosach i bhfeidhm dár bhfoireann. Cuireadh an ríomhfhoghlaim seo ar fáil do gach oibrí ag ComReg, bíodh siad ina bhfoireann bhuan nó ina bhfoireann ghníomhaireachta. Faoi láthair, nuair a thosaíonn duine nua ag ComReg críochnóidh siad an cúrsa ríomhfhoghlama freisin. Freastalaíonn bainisteoirí a ghlacann páirt inár bpróiseas earcaíochta ar oiliúint agallaimh freisin chun iad a chur ar an eolas faoi chlaontacht neamh-chomhfhiosach.

In ComReg, caithimid go cothrom le gach duine a ndéanaimid teagmháil leo le linn ár gcuid oibre agus le meas. Tá dualgas ann a thuiscint cathain a d'fhéadfadh ár gclaontachtaí neamh-chomhfhiosacha dul i bhfeidhm ar ár gcinntí agus tionchar a imirt ar an mbealach a chaithimid lena chéile. Is ceist í seo a gcuirimid gach ball foirne nua ar an eolas fúithi le linn ionductúcháin.

Ó thaobh na sochaí de, tá dualgas reachtúil ar ComReg tomhaltóirí a chosaint agus a chur ar an eolas agus tá sé mar aidhm againn an sprioc sin a bhaint amach trí fhaisnéis thráthúil, ábhartha, shoiléir agus inrochtana a fhoilsiú. Aithnímid gur gá tomhaltóirí a chur ar an eolas go cuí chun roghanna a dhéanamh maidir le cumarsáid leictreonach, agus chun cabhrú leo agus iad ag déileáil le soláthraithe seirbhíse. Maidir leis seo, déanaimid an chuid tomhaltóirí dár láithreán gréasáin a nuashonrú go leanúnach, www.comreg.ie/advice-information, le faisnéis agus nuacht ábhartha maidir le seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid. Cuirimid roinnt seirbhísí ar líne ar fáil freisin chun cabhrú le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le cumarsáid leictreonach. Ina measc seo tá léarscáil clúdaigh fón póca lasmuigh. Tá an léarscáil ar fáil ag Clúdach Seirbhíse - An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (comreg.ie) agus tugann sé deis do thomhaltóirí ríomh ComReg ar chlúdach fón póca oibrítheora agus leibhéil chomhartha a sheiceáil ag láithreacha ar fud na tíre.

Cuireann ComReg áis ar líne ar fáil freisin chun cabhrú le tomhaltóirí a bhfuil ceisteanna acu faoi tháillí Seirbhísí Ardráta (PRS) a cuireadh i bhfeidhm ar a mbille nó a baineadh óna gcreidmheas teileafóin. Tá an uirlis ar líne, Seiceálaí Seirbhíse, ar fáil ag [Seiceálaí Seirbhíse - ComReg](#).

Teicneolaíocht Faisnéise

Lean ComReg ar aghaidh ag forbairt agus ag daingniú a sheirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise de réir an bheartais ríomhRialtais reatha. Chuir ComReg go mór lena sheirbhísí atá os comhair tomhaltóirí agus tionscail le linn na tréimhse le tuilleadh feabhsuithe i réimse na cibearshlándála agus an cheadúnaithe speictrim chomh maith le hacmhainní tomhaltóirí ar líne agus seirbhísí faisnéise inrochtana trí comreg.ie. Baineadh forbairtí suntasacha breise amach freisin maidir le córais agus próisis bailithe agus anailíse sonraí margaidh ComReg. Díríodh acmhainní agus aird TF ar ardáin chomhoibríochá shlána nua-aimseartha a chur chun feidhme, tacú le feabhsuithe próisis agus rialú ar bhagairtí cibearshlándála agus bainistíochta sonraí. D'éirigh le ComReg a thimpeallacht TF nua-aimseartha agus slán a ghíaráil chun tacú leis an aistriú riachtanach chuig cianobair foirne le linn phaindéim Covid-19. Tá an eagraíocht ag ullmhú chun bogadh go stíl oibre chumaisc leis na hathruithe teicniúla riachtanacha a éascóidh é seo ar an mbealach is éifeachtúla agus is táirgiúla is féidir.

Rialachas Corparáideach

Tá sé mar chuspóir ag an gCoimisiún a chinntiú go gcomhlíontar, i gcónaí, dea-chleachtas i Rialachas Corparáideach.

Is é beartas ComReg cloí le Cód Cleachtas 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus tá sé tar éis tuairisciú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann sé na hailt ábhartha den Chód sa Tuarascáil Bhliantúil seo nó ar leithligh trí litir chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Tá clár fairsing iniúchta inmheánaigh i bhfeidhm ag ComReg, arna mhaoirsiú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a tháinig le chéile 5 huairé i rith na bliana. Déantar an fheidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinisí. Tá iontaobhaí neamhspleách ar an scéim pinsin i bhfeidhm freisin, de réir an dea-chleachtas.

Mar chomhlacht poiblí atá ag feidhmiú i dtimpeallacht dheacair, is dúshlán leanúnach é leanúint le luach a chur leis agus é ag obair laistigh de shrianta acmhainní. Déanaimid athbhreithniú agus leasú leanúnach ar bheartais agus ar nósanna imeachta maidir le caiteachas, soláthar agus bainistíocht riosca. Tá ComReg freagrach don Oireachtas trí Choistí Oireachtas. Tá sé mar aidhm ag cur i bhfeidhm leanúnach an phlean soláthair luach ar airgead a bhaint amach, seirbhís ardchaighdeán a sholáthar don phobal agus soláthar a shocrú ar bhealach comhlíontach. Le linn na bliana reatha tá tairiscintí iomaíochá eagraithe againn maidir le seirbhísí seachfhoinisithe. Leanamar Treoracha Soláthair na hEorpa do chonarthaí níos mó Bhaineamar úsáid as Creat-Chomhaontuithe na hOifige um Sholáthar Rialtais nuair is féidir.

Tá sé mar aidhm againn gach sonrasc bailí a íoc laistigh de 15 lá, agus foilsímid ar ár láithreán gréasáin líon agus luach na n-íocaíochtaí a dhéantar gach ráithe. Leanaimid orainn ag feabhsú amanna rothaíochta próiseála oibre, le cúnamh ó chomhoibriú na foirne go léir agus na tionscnaimh teicneolaíochta nua a forbraíodh go hinmheánach chun próiseáil a fheabhsú. Sa bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2021 rinneadh 83% de na híocaíochtaí laistigh den am riachtanach.

10. GNÓTHAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach

Le linn na bliana seo, lean ComReg de bheith rannpháirteach go gníomhach i gComhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), a fheidhmíonn mar ardán tábhachtach chun cur chun feidhme comhsheasmhach an chreata rialála don chumarsáid leictreonach san Aontas Eorpach a áirithiú agus lena gceadaítear malartú rialála idir na húdaráis rialála náisiúnta (ÚNRanna) maidir le cúrsaí teileachumarsáide.. Áirítear le ballraíocht BEREC gach ceann de na ÚNRanna ó 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh, ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, tíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE), chomh maith leis na tíortha is iarrthóirí oifigiúla agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha an Aontais Eorpaigh.

Le linn an chéad leath den tréimhse tuairiscithe sin, bhí post mar Leas-Chathaoirleach BEREC ag An Coimisinéir Um An ComReg, Jeremy Godfrey do 2020, tar éis dó fónamh roimhe sin mar Chathaoirleach BEREC le linn 2019. Ina ról bhí an tUasal Godfrey freagrach as gníomhaíochtaí idirnáisiúnta AGUS for-rochtain BEREC le comhlachais rialála réigiúnacha eile agus le ÚNRanna. Dhírigh gníomhaíochtaí idirnáisiúnta ComReg ar rannchuidiú le tionscadail agus aschuir BEREC mar a leagtar amach i gClár Oibre BEREC 2020 agus 2021. Chuige sin, bhí gá le rannpháirtíocht ghníomhach ó shaineolaithe ComReg in dhá Mheitheal déag de chuid BEREC.

Is díol suntais é, chuidigh ComReg le BEREC tionscadail a thabhairt chun críche, atá sainordaithe sa Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (EECC), treoirlínte a fhorbairt chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gcritéar comhinfeistíochta i líonraí fíor-ardacmhainne a áirithiú chomh maith leis an gcur chuige comhsheasmhach i leith rialáil shiméadrach. Ina theannta sin, bhí ComReg rannpháirteach go gníomhach i dtionscadail réamhbhreathnaitheacha BEREC a bhaineann le rialáil ardán digiteach, cibearshlándáil líonraí 5G agus tús a chur le hobair chun tuiscint níos fearr a fháil ar ghnéithe comhshaoil líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonáil.

Grúpa na Rialtóirí Neamhspleácha

Lean ComReg de bheith rannpháirteach go gníomhach i nGrúpa na Rialtóirí Neamhspleácha (IRG), a oibríonn i ndlúthchomhar le BEREC agus a bhunaigh grúpa ÚNRanna Eorpacha i 1997. Cuidíonn IRG le ÚNRanna fothú acmhainní, comhroinnt taithí, agus bailiú faisnéise maidir le saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann ní hamháin le rialáil mhargadh teileachumarsáide na hEorpa ach le saincheisteanna nua freisin, amhail rialáil fhéideartha na n-ardán digiteach. In 2020, d'fhreastail saineolaithe ComReg ar cheardlanna IRG ar an Intleacht Shaorga, Snáithín go dtí an Baile (FTTH), agus IRG sna deich mbliana amach romhainn.

Maidir le feidhm comhroinnte taithí IRG, lorg ComReg tuairimí Chomhaltaí IRG maidir lena dtaithí ar dhá ábhar éagsúla a ndearna saineolaithe ComReg staidéar orthu sa tréimhse, eadhon, soláthar thar an aer (OTA) chun malartú tomhaltóirí oibreoirí líonraí soghluaiste a chur chun cinn agus cleachtadh tagarmharcála chun a chinneadh cé na ÚNRanna a bhfuil inniúlacht acu maidir le Saorshreabhadh Sonraí Neamhphearsanta. D'fhreagair ComReg freisin do níos mó ná 56 ceistneoir aonair a scaip Baill eile de chuid IRG.

Is gníomhaíocht thábhachtach í rannpháirtíocht leanúnach ComReg in IRG, toisc go gcabhraíonn sé le comhroinnt faisnéise agus piarfhoghlaim a chur chun cinn idir ÚNRanna, a fheabhsaíonn leibhéal chomhchuibhithe rialála ar fud na hEorpa.

An Coiste Cumarsáide (CoCom)

Is coiste comhairleach ardleibhéal é an Coiste Cumarsáide (CoCom) don Choimisiún Eorpach a bunaíodh in 2002 faoin Treoir Réime (Treoir 2002/21/CE, arna leasú). Tá CoCom comhdhéanta d'ionadaithe na mBallstát agus is é an príomhról atá aige tuairimí a thabhairt maidir le dréachtbhearta a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún iad a ghlacadh. Ghlac ComReg páirt mar chuid de thoscaireacht na hÉireann chuig CoCom, chun tacú le hionadaithe ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

I measc na rialachán cur chun feidhme a foilsíodh i mbliana bhí na rialacháin sin a shonraíonn saintréithe na bpointí rochtana gan sreang a bhfuil raon beag acu (cealla beaga) chun imscaradh líonraí 5G a éascú chomh maith leis an rialachán lena socraítear meán ualaithe na n-uasrátaí foirceanta soghluaiste ar fud an Aontais a nuashonrú, a mbíonn tionchar acu ar aon fhormhuirir a d'fhéadfadh oibreoirí líonraí soghluaiste a chur i bhfeidhm ar a gcustaiméirí seirbhísí fánaíochta.

Dualgais chláracha eile a iompraíonn an tAonad Gnóthaí Idirnáisiúnta

Lean an t-aonad Gnóthaí Idirnáisiúnta ar aghaidh ag glacadh páirte i sruthanna oibre cláir ad-hoc agus seachtracha eile a théann i bhfeidhm ar ComReg. Mar shampla, chomhordaigh sé freagairt ComReg ar Innéacs an Choimisiúin Eorpaigh um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) 2020, trí shonraí ábhartha an mhargaidh teileachumarsáide a chomhdú leis an gCoimisiún.

Leanann aonaid gnóthaí idirnáisiúnta ComReg agus Ofcom (rialtóir cumarsáide na Ríochta Aontaithe) de bheith rannpháirteach go débhlíantúil ar ábhair leasa choitinn, tar éis don Ríocht Aontaithe a ballraíocht ón Aontas Eorpach a tharraingt siar go foirmiúil agus imeacht ó BEREC dá bharr an 31 Eanáir 2020.

RÁITIS AIRGEADAIS

An Choimisiún Um Rialáil Cumarsáide
Don Bhliain Dar Chríoch An 30 Meitheamh 2021



An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide
Commission for
Communications Regulation

Ábhar

	Leathanach
1. Comhaltaí An Choimisiúin Agus Eolas Eile	76
2. Ráiteas Rialachais Agus Tuairisc Chomhaltaí An Choimisiúin	77
3. Ráiteas Maidir Le Rialú Inmheánach	84
4. Tuairisc An Ard-Reachtair Cuntas Agus Ciste	87
5. Ráiteas Ioncaim Agus Caiteachais Agus Cuntais Leithghabhála	89
6. Ráiteas Ar Ioncam Cuimsitheach	91
7. Ráiteas Staide Airgeadais	92
8. Ráiteas Sreabhadh Airgid	93
9. Nótaí A Ghabhann Leis Na Ráitis Airgeadais	94

1. COMHALTAÍ AN CHOIMISIÚN AGUS EOLAS EILE

An Coimisiún

Ag an 30 Meitheamh 2021 is ionann an Coimisiún agus triúr Coimisinéirí

Garrett Blaney - Cathaoirleach

Jeremy Godfrey - Coimisinéir

Robert Mourik - Coimisinéir

Oifigí

1 Lárcheantar na nDugaí

Sráid na nGildeanna

Baile Átha Cliath 1

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

Baincéirí

Banc na hÉireann

6 – 7 Sráid Uí Chonaill Íochtarach

Baile Átha Cliath 1

2. RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC BHAILL AN CHOIMISIÚIN

Rialachas

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) ar an 1 Nollaig 2002. Sonraítear aidhmeanna an Choimisiúin san Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus san Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007. Baineann na haidhmeanna le rialáil agus ceadúnú an tionscail cumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear raidió agus tarchur craolacháin), rialáil na seirbhísí poist, rialáil na seirbhísí ardráta agus rialáil an ainm fearainn .ie. Déantar an Coimisiún a mhaoiniú go hiomlán ag ioncam a fhaightear ó na tionscail cumarsáide leictreonaí, poist agus seirbhísí ardráta.

Luaitear in Alt 11 den Acht 2002, faoi réir an Achta 2002, go mbeidh an Coimisiún neamhspleách ag feidhmiú a fheidhmeanna. Luaitear in Alt 14 den Acht sin go mbeidh ar a laghad 1 agus 3 ar a mhéid Choimisinéir i gcomhdhéanamh an Choimisiúin agus faoi réir an Achta seo, is féidir leis an gCoimisiún a nós imeachta féin a rialú. Tá an Coimisiún freagrach as dea-rialú a chinntiú agus déantar an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó go léir. Tá gnáthbhainistíocht laethúil, rialáil agus treo ComReg mar fhreagrachtaí an Choimisiúin agus na Foirne Ceannaireachta. Ní mór don Fhoireann Cheannaireachta an treo straitéiseach leathan de réir mar a leagadh amach ag an gCoimisiún a leanúint, agus ní mór a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Choimisiún ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Leagadh amach, ar an gcéad dul síos, obair agus freagrachtaí an Choimisiúin in Acht 2002. Leagadh amach ár n-aidhmeanna faoi réir na reachtaíochta príomha agus tánaistí araon, agus tá an creat reachtaíochta seo fós ag teacht chun cinn ón Acht 2002 agus an tAcht um Chumarsáid (Rialáil) 2007. In 2007, cuireadh le freagrachtaí agus cumhachtaí ComReg, mar aon leis na bearta forfheidhmithe a bhí ar fáil, ag an Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007.

In Alt 21 den Acht 2002 foráiltear go 'ndéantar feidhmiú fheidhmeanna an Choimisiúin a dhéanamh ag nó trí bhall foirne nó oifigeach údaraithe an Choimisiúin mar is cuí leis an gCoimisiún'. Tá feidhmeanna ar leith tarmligthe ag an gCoimisiún ach tá cúrsaí eile atá coimeáda go háirithe i gcomhair chinneadh an Choimisiúin. I measc na gcúrsaí a mheasfaidh an Coimisiún áirítear:

- tuarascálacha ón gCoiste um Iniúchóireacht & Measúnú Riosca / meithleacha
- tuarascálacha airgeadais / cuntais bhainistíochta
- tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- ábhair forchoimeáda.

Freagrachtaí an Choimisiúin (ar lean)

De réir Alt 32 an Achta um Rialáil Cumarsáide, 2002, ní mór don Choimisiún, san fhoirm a cheadóidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar aon airgead a fuarthas nó do caitheadh ag an gCoimisiún, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe, lena ndéantar idirdhealú idir:

- (a) a fheidhmeanna maidir le cumarsáid leictreonach,
- (b) a fheidhmeanna maidir le cúrsaí poist agus
- (c) a fheidhmeanna maidir le seirbhísí ardráta.

Nuair atá na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór don Choimisiún:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú mar ghnóthas leantach mura bhfuil sé mí-oiriúnach a ghlacadh go mbeidh an Coimisiún fós i bhfeidhm.
- A lua go cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta bhainteacha, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a mhíniú sna ráitis airgeadas;

Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuntasaíochta shásúla a choimeád a léiríonn, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, stádas airgeadais an Choimisiúin agus a ligeann don Choimisiún a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le ceanglais Alt 32 an Achta um Rialáil Cumarsáide. Tá cothabháil agus ardchaighdeán an eolais chorparáidigh agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin mar fhreagracht an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún freagrach as an bplean gníomhaíochta bliantúil agus an buiséad a fhormheas. Rinneadh measúnú ar chomhlíonadh an Choimisiúin trí thagairt don phlean bliantúil agus buiséad i Meitheamh 2021.

Tá an Coimisiún freagrach as a sócmhainní a chosaint agus mar sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosaint agus a aimsiú.

Measann an Coimisiún go dtugtar léargas cothrom fíor den fheidhmíocht airgeadais agus de staid airgeadais an Choimisiúin ar an 30 Meitheamh 2021 sna ráitis airgeadais.

Struchtúr an Choimisiúin

Luaitear in Alt 14 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, go mbeidh ar a laghad 1 Coimisinéir agus triúr Coimisinéirí ar a mhéid sa Choimisiún. Luaitear in Alt 15 den Acht go gceapfar Coimisinéir ar bhonn lánaimseartha ar feadh tréimhse nach lú 3 bliana agus 5 bliana ar a mhéid. Sonraítear san Acht chomh maith go gceapfaidh an tAire, sa chás go bhfuil níos mó ná Coimisinéir amháin, duine acu mar chathaoirleach an Choimisiúin.


Faoi Alt 17 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, sa chás nár ceapadh níos mó ná Coimisinéir amháin faoi Alt 15, déanfaidh an Coimisiún comhalta dá fhoireann a ainmniú mar leaschomhalta den Choimisiún (“leaschoimisinéir”) a dhéanfaidh, le húdarás ón gCoimisiún, feidhmeanna uile an Choimisiúin cheal Coimisinéir.

Mar atá ar an 30 Meitheamh 2012 tá an Coimisiún comhdhéanta de thriúr Coimisinéirí a ceapadh go léir ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Léirítear sa tábla thíos sonraí chomhaltaí an Choimisiúin agus a ndátaí ceapacháin, nó athcheapacháin (ní féidir le comhaltaí an Choimisiúin a bheith mar Choimisinéir ar feadh níos mó ná 2 théarma). Tagann an Coimisiún le chéile go rialta chun ceisteanna rialála agus oibriúcháin a phlé.

Comhalta an Choimisiúin	An Dáta a Ceapadh
Garrett Blaney – Cathaoirleach* Jeremy Godfrey Robert Mourik**	An 7 Eanáir 2019 An 2 Meán Fómhair 2013 An 7 Eanáir 2019

*Cathaoirleach go dtí an 6 Eanáir 2022

**Cathaoirleach ón 7 Eanáir 2022



An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (CIMR) bunaithe ag an gCoimisiún. Ceapadh baill an CIMR ag an gCoimisiún agus ní bheidh níos mó ná cúigear ar an gcoiste:

- beirt Choimisinéirí (Nóta: Is Oifigeach Cuntasaíochta é/í an Cathaoirleach agus mar sin níor ceapadh é/í sa Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca);
- triúr comhaltaí neamhspleácha seachtracha.

Déanann duine de na comhaltaí seachtracha cathaoirleacht ar an CIMR.

Is é ról an CIMR ná tacaíocht a thabhairt don Choimisiún maidir lena fhreagrachtaí a bhaineann le ceisteanna riosca, rialaithe agus rialála agus urrús gaolmhar. Tá an CIMR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe cinntíonn an CIMR go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIMR go foirmeálta i scríbhinn chuig an gCoimisiún go bliantúil.

Bhí Coimisinéirí Jeremy Godfrey agus Robert Mourik mar chomhaltaí an CIMR sa bhliain dar chríoch an 30 Meitheamh 2021. Ba iad comhaltaí seachtracha an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ar an 30 Meitheamh 2021 ná: Patricia Byron (Cathaoirleach), Marie Collins agus Jimmy Murphy. Bhí 5 chruinniú ag an CIMR sa bhliain dar chríoch an 30 Meitheamh 2021.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais

Tá sceideal freastail chruinnithe an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca do 2021 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí a fuair gach comhalta. Níor íocadh aon speansas in 2021.

Comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht

Ainm	Ról	Líon na gCruinnithe ar a freastalaíodh	Táillí 2021 €
Patricia Byron - Cathaoirleach	Comhalta Seachtrach	5	10,000
Marie Collins	Comhalta Seachtrach	5	6,000
Jimmy Murphy	Comhalta Seachtrach	5	6,000
Jeremy Godfrey	Coimisinéir	5	N/b
Robert Mourik	Coimisinéir	5	N/b

Na Nochtaí a cheanglaítear leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú gur comhlíonadh ComReg le ceanglais an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), mar a fhoilsíodh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthearma Fostaithe

Déantar sochair gearrthearma fostaithe níos mó ná €60,000 a rangú sna bandaí seo a leanas:

Raon (€'000)	An 30 Meitheamh 2021 <i>Líon</i>	An 30 Meitheamh 2020 <i>Líon</i>
60 - 70	15	17
70 - 80	17	12
80 - 90	19	25
90 - 100	12	7
100 - 110	7	6
110 - 120	7	7
120 - 130	9	9
130 - 140	7	5
140 - 150	3	1
150 - 160	0	1
160 - 170	1	0
170 - 180	0	1
180 - 190	1	0
190 - 200	0	0
200 - 210	0	2
210 - 220	2	0
220 - 230	0	0
230 +	2	2

Nóta:

Chun críocha an nochta seo, áirítear tuarastal, pá i gcoibhneas le feidhmíocht agus sochar comhchineáil i leith íocaíochtaí árachais sláinte déanta thar ceann an fhostaí gan ÁSPC an fhostaí san áireamh le sochair gearrthearmacha fostaithe maidir le hobair a rinneadh le linn na tréimhse thuairiscithe.

Costais i gcomhair Comhairle Theicniúil

Áirítear sna costais i gcomhair Comhairle Theicniúil costas comhairle sheachtrach do lucht bainistíochta agus lena n-áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnáth' seachfhoinsithe. Léirítear na costais i gcomhair Comhairle Dlí de €2.0m (2020: €1.2m) go leithleach mar chuid de na Costais Dlí thíos.

	2021 €'000	2020 €'000
Comhairle Ghairmiúil & Theicniúil	7,500	8,662
Bainistiú Teagmhálaithe	912	888
Taighde Margaidh	300	119
Monatóireacht ar Cháilíocht Seirbhíse	552	527
Oiliúint Foirne agus Forbairt Ghairmiúil	419	601
	9,683	10,797

Costais Dlí

Tá miondealú sa tábla thíos ar na suimeanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe a bhaineann le costais dlí.

	2021 €'000	2020 €'000
Comhairle Dhlí	2,038	1,229
Costais Dlí a bhaineann le hlmeachtaí Dlí	1,157	992
	3,195	2,221

Luaitear na costais dlí glan ó chostais arna ghnóthú ó thríú páirtithe. Ní raibh aon íocaíocht comhréitigh agus eadrána nó ní dhearnadh aon íocaíocht socraíochta le linn na bliana.

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a rangú mar seo a leanas:

	2021 €'000	2020 €'000
Taisteal Intíre	-	16
Taisteal Idirnáisiúnta	-	190
	-	206

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2021 €'000	2020 €'000
Costais Fáilteachais do Bhaill Foirne	13	7
Ranníocaíocht don Chlub Spóirt agus Sóisialta	3	10
	16	17

Ní bhíonn ComReg i mbun Fáilteachais le Cliaint. Ní áirítear sna méideanna thuas aon chaiteachas ar shólaistí/fáilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó amhail óstáil comhdhálacha, imeachtaí agus cruinnithe.

Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Coimisiún tiomanta agus na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choimeád. Tá an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a foilsíodh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar bhunchloch dár mbeartais rialachais chorparáidigh.

Faoi Alt 33 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ceanglaítear an Coimisiún, le cead ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, glacadh le cód bainistíochta airgeadais agus a fhoilsiú a shocrú i ndiaidh a cheadú amhlaidh. Anuas air sin, ní mór don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a chód bainistíochta airgeadais ó am go ham agus an cód a leasú agus a athfhoilsiú mar is cuí. Tá ceanglas ann chomh don Choimisiún tráchta a dhéanamh sa tuarascáil bhliantúil maidir le comhlíonadh an chóid.

Tá ár gcód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) formheasta ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an cód foilsithe ar ár suíomh gréasáin. Tá sé mar bheartas ag an gCoimisiún chomhlíonadh an Chóid a chinntiú.

Thar ceann an Choimisiúin

Robert Mourik
 Cathaoirleach
 Dáta: An 27 Eanáir 2022

3. RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Freagracht as Rialú Inmheánach

Thar ceann ComReg glacaim le freagracht an Choimisiúin agus córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Feidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Níl an cumas ag an gcóras, mar sin, ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a chlárú i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aimsiú i mbealach tráthúil.

Tá feidhm ag an gcóras rialaithe inmheánaigh, atá de réir treoraíocht eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ComReg don bhliain dar chríoch an 30 Meitheamh 2021 agus suas go dáta formheasa na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (CIMR) ag ComReg, le beirt chomhaltaí den Choimisiún agus triúr comhaltaí seachtracha, le saineolas airgeadais agus iniúchóireachta, agus duine acu mar Chathaoirleach. Tháinig an CIMR le chéile cúig huair sa bhliain dar chríoch an 30 Meitheamh 2021.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí sheachfhoinsithe bunaithe ag ComReg chomh maith ina bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus déantar clár oibre a socraítear leis an CIMR.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoimisiún lena leagtar amach a fhonn priacail, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí róil agus freagrachtaí foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas do gach ball foirne a mheastar a mbeidh ag obair le beartas bainistíochta riosca ComReg, chun lucht bainistíochta a chur ar an eolas mar gheall ar rioscaí éiritheacha agus laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimsí oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag ComReg a aithníonn agus a thuariscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhaíochta bainistíochta atá faoi bhun chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a laghdú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí os comhair ComReg agus tá siadsan aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ag an gCoimisiún ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin i bpleanáil agus leithdháileadh acmhainní chun a chinntiú go ndéantar bainistiú ar na rioscaí go leibhéal sásúil.

Creat Riosca agus Rialaithe (ar lean)

Sonraítear sa chláir riosca na rialuithe agus na gníomhaíochtaí atá de dhíth chun rioscaí a laghdú agus an fhreagracht maidir le hoibriú rialuithe atá leagtha ar bhall foirne ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm leis na gnéithe seo a leanas:

- tá na nósanna imeachta i gcomhair gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- tá freagrachtaí airgeadais leagtha ar an leibhéal bainistíochta le freagracht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe inghlactha ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi bhráid na hardbhainistíochta,
- tá córais ann dírithe ar shlándáil na gcóras um theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh ar bun nósanna imeachta foirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus go gcuirtear na daoine atá i gceannas gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus an bhainistíocht agus an Coimisiún, más ábhartha, ar an eolas faoi easnaimh rialaithe go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh príomhrioscaí agus rialúcháin ghaolmhara agus tá beartas i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúcháin na príomhrialúcháin sin agus tuairisciú a dhéanamh ar aon easnamh a aithníodh,
- cuireadh ar bun socruithe tuarascála ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais leagtha, agus
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht taobh le buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Tá Plean Corparáideach Soláthair forbartha ag ComReg agus formheasadh é ag an gCoimisiún. Mar aon leis sin tá nósanna imeachta agus beartais i bhfeidhm chun comhlíonadh le ceanglais agus treoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Le nádúr ghníomhaíochtaí ComReg bíonn líon beag áirithe cásanna nuair nach mbíonn sé indéanta nó oiriúnach cloí leis na ceanglais agus treoirlínte oiriúnacha soláthair. Tá beartas rialachais chúil i bhfeidhm ag an gCoimisiún do chásanna mar sin.

Le linn 2021 íocadh caiteachas de €8,000 (2020: €39,000) i gcás conradh amháin do sheirbhísí TF nuair a bhí gá ár gconradh reatha a thar-rolladh de bharr ár riachtanais oibriúcháin agus próiseas tairisceana iomaíoch a bhí ag teacht chun críche. Ní úsáidtear an soláthraí seirbhíse a thuilleadh do na seirbhísí sin agus tairiscíodh an conradh seirbhísí gairmiúla mar chuid den phróiseas caidrimh iomaíoch atá tugtha i gcrích ó shin. Is é luach iomlán an tsoláthair neamhchomhlíontaigh ná €8,000 (2020: €289,000).

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag ComReg chun monatóireacht a dhéanamh ar an éifeachtúlacht i mbainistiú riosca agus nósanna imeachta rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú airgeadais inmheánaigh ComReg teoraithe ag obair iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca maoirseacht ar a n-obair, agus an ardbhainistíocht in ComReg atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata inmheánaigh rialaithe airgeadais.

Dearbhaím gur rinne an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha don bhliain dar chríoch an 30 Meitheamh 2021 agus cuireadh i gcrích ar an 8 Meitheamh 2021.

Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh aon lag sa rialú inmheánach a bhfuil gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais in 2021.

Covid 19

Bhí an phaindéim Covid-19 fós ina dhúshlán suntasach don eagraíocht agus do na hearnálacha atá á rialú againn. Ó Mhárta 2020, i gcomhréir le treoirlínte an Rialtais, d'aistríomar go socrú le tromlach mór foirne ag obair ó chian. Tugadh isteach beartais chuí um scaradh sóisialta agus beartais slándála eile inár n-oifigí nuair a bhí láithreach de dhíth (líon beag foirne) chun a chinntiú go mbeadh seirbhísí riachtanacha ann dóibh siúd atá á rialú againn.

Tá an t-ádh ar ComReg go raibh cianobair don eagraíocht iomlán san áireamh ó thaobh na teicneolaíochta de sa Phlean Leanúnachais Gnó agus sa bhonneagar. Cuireadh an tacaíocht riachtanach ar fáil do bhaill foirne ónár gcomhghleacaithe TF maidir leis an aistriú go cianobair agus úsáid na n-áiseanna comhdhála fíorúla srl. Forbraíodh taispeántais agus treoir d'úsáideoirí don fhoireann i gcomhair úsáid na n-uirlisí éagsúla cumarsáide. Anuas air sin, rinne foireann TF ComReg monatóireacht rialta i gcomhair laigí nó ionraí sa timpeallacht TFC. Treisíodh cleachtais reatha chianoibre agus déanadh tuairisciú & monatóireacht níos rialta.

Cuireadh Clár Rioscaí Covid 19 ar bun ag an gCoimisiún i Márta 2020 chun monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí sin. Ó shin déanann an Coimisiún athbhreithniú gníomhach agus freagra ar na rioscaí agus éiginnteachtaí a thagann chun cinn ón timpeallacht a bhíonn ag athrú go tapa. Cuireadh bearta coisctheacha i bhfeidhm agus déanta athmheasúnú rialta orthu chun sábháilteacht ár bhfostaithe agus ár ngeallsealbhoirí a chinntiú.

Leanann an Coimisiún leis an monatóireacht ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe, lena n-áirítear an tionchar ar oibríochtaí airgeadais ó lá go lá. Cuireadh nósanna imeachta cuí i bhfeidhm ó 2020 don timpeallacht chianoibre chun leithscaradh na ndualgas agus cothabháil na rialuithe airgeadais go léir a chinntiú. Ní raibh aon laghdú sa timpeallacht rialaithe mar thoradh ar Covid-19. Dearbhaímid sa ráiteas seo nach raibh aon lag aitheanta sa rialú inmheánach a cheanglaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais. Dearbhaímid, le linn an ama sin, leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca go rabhamar ag cothabháil ár dtimpeallacht rialaithe reatha agus nach raibh aon laghdú sa timpeallacht rialaithe.

Thar ceann an Choimisiúin



Robert Mourik
Cathaoirleach
Dáta: An 27 Eanáir 2022

4. AGUISÍN LE TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE CHUN CUR OS COMHAIR THITHE AN OIREACHTAIS



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste **Comptroller and Auditor General**

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas **Commission for Communications Regulation**

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Commission for Communications Regulation for the year ended 30 June 2021 as required under the provisions of section 32 of the Communications Regulation Act 2002. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and appropriation account
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Commission at 30 June 2021 and of its income and expenditure for the year then ended in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Commission and I have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Commission has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Commission members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Andrew Harkness
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
31 January 2022

Appendix to the report

Responsibilities of the Commission

As detailed in the governance statement and Commission members' report, the Commission is responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under section 32 of the Communications Regulation Act 2002
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Communications Regulation Act 2002 to audit the financial statements of the Commission and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Commission's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Commission to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

5. RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CUNTAIS LEITHGHABHÁLA DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEITHEAMH 2021

	Nótaí	An bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2021				An bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2020	
		Cumarsáid Leictreonach		Post	Seirbhísí Ardráta	Iomlán	Iomlán
Ioncam		Tobhach €'000	Eile €'000	Tobhach €'000	Tobhach €'000	€'000	€'000
Ioncam							
Tobhach		7,148		1,900	318	9,366	9,792
Táillí Ceadúnaithe	2		44,072			44,072	44,834
Ioncam Speictrim	2		7,600			7,600	7,920
Ioncam Eile	2		1,163			1,163	2,052
Ioncam Iomlán		7,148	52,835	1,900	318	62,201	64,598
Caiteachas							
Costais Foirne	3	9,125	4,723	660	301	14,809	13,161
Costais Sochair Scoir	17(b)	1,713	886	124	56	2,779	2,919
Comhairle Theicniúil	4	5,222	3,056	1,114	291	9,683	10,797
Costais Díl	5	1,080	1,993	93	29	3,195	2,221
Fógraíocht		90	7			97	224
Costais Riaracháin	6	1,407	1,095	99	84	2,685	2,915
Luach Saothair Iniúcháirí		16	10	1	1	28	21
Áitreabh agus Costais Bhainteacha		1,365	869	82	82	2,398	2,459
Dímheas	7	1,337	788	80	80	2,285	2,527
Cailteanas (Brabús) as Diúscairt Sócmhainní			5			5	-
Síntiúis le hEagraíochtaí Idir.	15	722				722	699
Caiteachas Iomlán		22,077	13,432	2,253	924	38,686	37,943
Barrachas / (Easnamh) roimh Leithreasáí		(14,929)	39,403	(353)	(606)	23,515	26,655
Lúide Leithreasáí							
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil	12					330	966
Iníochta don Lárchiste	13					(23,712)	(27,668)
Coigeartú don Chúlchiste Pinsean	13					(133)	47
Barrachas i ndiaidh Leithreasáí						0	0

Tá an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 23 mar chuid den na ráitis airgeadais seo.
Thar ceann an Choimisiúin



Robert Mourik
Cathaoirleach
Dáta: An 27 Eanáir 2022

6. RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEITHEAMH 2021

		An bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2021	An bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2020
	Nótaí	Iomlán €'000	Iomlán €'000
Barrachas i ndiaidh Leithreasáí			
Scéim Sochair Shainithe ComReg			
An toradh iarmhír lúide an toradh ionchais ar shócmhainní scéime (Cailteanais) / gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	17 (f)	8,284	(378)
Athruithe bhun-fhoshuíomhanna luacha reatha	17 (f)	(14)	(17)
Oibleagáidí sochair scoir		(7,698)	7,428
Aistrithe isteach don réamhsheirbhís	17 (g)	-	-
(Cailteanas) / gnóthachan achtúireach le linn na bliana		572	7,033
An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair			
(Cailteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir		(72)	(299)
Athruithe bhun-fhoshuíomhanna luacha reatha		(698)	483
Oibleagáidí sochair scoir			
Coigeartú ar Mhaoiniú larchurtha		770	(184)
(Cailteanas) / gnóthachan achtúireach le linn na bliana		-	-
Gnóthachan / (cailteanas) achtúireach iomlán le linn na bliana		572	7,033
Gluaiseacht sa Chiste Sochair Scoir			
Iarmhéid ar an 1 Iúil		(9,041)	(16,027)
Iomlán na nGnóthachan Aitheanta don bhliain		572	7,033
Coigeartú ar Chiste Pinsin	13	133	(47)
Iarmhéid ar an 30 Meitheamh		(8,336)	(9,041)

Is ionann an Ciste Sochair Scoir Pinsin agus an difríocht idir costas carnach na sochar scoir lúide na méideanna a íocadh suas le dáta.

Tá an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 23 mar chuid den na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Choimisiúin



Robert Mourik
Cathaoirleach
Dáta: An 27 Eanáir 2022

7. RÁITEAS STAIDE AIRGEADAIS AR AN 30 MEITHEAMH 2021

		An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020
	Nótaí	€'000	€'000
Sócmhainní Seasta Áitreabh, Gléasra & Trealamh	7	5,889	6,219
Sócmhainní Reatha		-----	-----
Infháltais	8	4,124	5,127
Infheistíochtaí Gearrthearma	9	40,000	73,500
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid		13,617	8,847
		57,741	87,474
Dliteanais Reatha (Méideanna atá dlite in aon bhliain amháin) Suimeanna Iníoctha	11	(57,741)	(87,474)
Glansócmhainní Reatha		0	0
Iomlán Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha		5,889	6,219
Iomlán Glansócmhainní gan Sochair Scoir (Dliteanas) san áireamh Sochair Scoir		5,889	6,219
Sócmhainn Chistiúcháin iarchurtha do Phinsin SPSPA	17c(i)	5,304	3,317
An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Dliteanas)	17c(iv)	(5,304)	(3,317)
Scéim ComReg (Dliteanas)	17c(i)	(8,336)	(9,041)
Iomlán Glansócmhainní / (Dliteanais) lena n-áirítear Sochair Scoir (Dliteanas)		(2,447)	(2,822)
Léiriú Cúlchistí Caipitil Ciste Sochair Scoir	12	5,889 (8,336)	6,219 (9,041)
		(2,447)	(2,822)

Tá an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 23 mar chuid den na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Choimisiúin



Robert Mourik
Cathaoirleach
Dáta: An 27 Eanáir 2022

8. RÁITEAS SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEITHEAMH 2021

		An bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2021	An bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2020
	Nótaí	€'000	€'000
Glanreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Ioncam Breise thar Chaiteachas (roimh Leithreasaí)		23,845	27,621
An difríocht idir muirear pinsin agus ranníocaíochtaí		(133)	47
Dímheas	7	2,285	2,527
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne		5	-
Aistriú Ciste Caipitil	12	(330)	(966)
Méadú / (Laghdú) ar Infháltais		1,003	(1,170)
Méadú / (Laghdú) in Suimeanna Iníoctha (gan an lárchiste san áireamh)		689	(2,245)
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		27,364	25,814
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Áitreabh, Gléasra & Trealamh a fháil	7	(1,991)	(1,561)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin			
Fáltas ó dhíolachán Sócmhainne		31	-
Íocaíocht chuig an Lárchiste		(54,134)	-
Glanmhéadú / (Laghdú) Airgid Thirim agus Coibhéisí Airgid		(28,730)	24,253

9. NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 30 MEITHEAMH 2021

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta in úsáid ag an gCoimisiún. Cuireadh i bhfeidhm iad go léir go seasta i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Coimisiún faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 agus tá a n-oifigí ag Uimhir a hAon Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, Baile Átha Cliath 1.

Sonraítear aidhmeanna an Choimisiúin san Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus san Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007. Baineann na haidhmeanna le rialáil agus ceadúnú an tionscail cumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear raidió agus tarchur craolacháin), rialáil na seirbhísí poist, rialáil na seirbhísí ardráta agus rialáil an ainm fearainn .ie.

Is Eintiteas Leas an Phobail (ELP) é an Coimisiún.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Choimisiúin don bhliain dar chríoch an 30 Meitheamh 2021 de réir na reachtaíochta infheidhme, agus an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais CTA 102 atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann agus eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA.

Bhí feidhm ag an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) maidir leis na tréimhse thuairiscithe airgeadais ag tosú ar an nó tar éis an 1 Meán Fómhair 2016 agus tá sé in úsáid sna Ráitis Airgeadais seo.

c) Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi ghnás costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a mheastar ag luachanna cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i ghnás atá formheasta ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta i gcás nithe a mheastar mar ábhar maidir le ráitis airgeadais an Choimisiúin.

1.1 Aitheantas Ioncam

Faigheann an Coimisiún ioncam ó roinnt foinsí.

- Tobhaigh ar sholáthraithe áirithe chun costais rialaithe a mhaoiniú. Is iad seo a leanas na tobhaigh chuí:

(i) Tobhach Cumarsáide leictreonaí - Forchuirtear an Tobhach ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Ríomhtar an íocaíocht tobhaigh dlite ó sholáthraí seirbhíse aonair i gcomhair bliain ar leith bunaithe ar a láimhdeachas bliantúil le linn na bliana airgeadais a chríochnaíonn sa bhliain tobhaigh agus atá iníoctha i gceithre thráthchuid. Aithnítear ioncam ar bhonn infháiltas.

1. Beartais chuntasaíochta (ar lean)

1.1 Aitheantas loncaim (ar lean)

(ii) Tobhach Poist - Forchuirtear an Tobhach ar sholáthraithe seirbhíse poist ag soláthar seirbhísí poist laistigh de raon na seirbhíse poist uilechoitinne. Aithnítear ioncam ar bhonn infháltais.

(iii) Is earraí agus seirbhísí iad **Seirbhísí Ardráta (SAR)** gur féidir iad a cheannach agus do líne thalún, fón soghluaiste, an tIdirlíon, TV idirghníomhaíoch digiteach nó facs a úsáid. Íoctar an Tobhach SAR go cothrom ag soláthraithe seirbhísí SAR agus oibritheoirí líonra. Sonrasctar an tobhach mí amháin i riaráiste agus aithnítear ioncam ar bhonn infháltais.

- **Táillí Ceadúnaithe** - Is é an príomhréimse a bhaineann leis na táillí seo ná ceadúnú Cumarsáide Raidió.
- **Ioncam Speictrim** - Is ionann ioncam agus ioncam táillí a íocadh don Choimisiún as ucht an ceart an speictream raidió a úsáid. Tugtar an t-ioncam don chuntas sa tréimhse ina bhfuil sé dlite. I gcásanna nuair a cuireadh moill ar na ceadúnais ghaolmhara, déanann ComReg foráil don mhéid a d'fhéadfadh a bheith iníoctha bunaithe ar mheastachán fhad na moille. Ní aithnítear é mar ioncam agus áirítear é mar chreidiúnaí (Féach Nóta 11). Déantar méid na forála a athbhreithniú ag deireadh gach tréimhse chuntasaíochta.
- **Ioncam eile** - In ioncam eile áirítear ús bainc agus GCTN ar thaisc agus suimeanna iníoctha don Choimisiún de bhun comhlíonadh agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe.

1.2 Leithghabháil Bharrachais Oibriúcháin

Tá an barrachas a ghineadh le linn na bliana glan ón leasú ciste pinsin iníoctha don Státchiste. Íoctar méideanna go dtí an Lárchiste faoi threoir an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (Féach Nóta 13).

1.3 Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Léirítear áitreabh, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carnach, leasaithe i leith lagú. Léirítear an dímheas ar gach áitreabh, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide an luach iarmharach measta gach sócmhainn de réir méid chothroim thar a saolré ionchais measta, mar a leanas:

Trealamh teicniúil	-15% sa bhliain
Trealamh ríomhaire agus bogearraí	-33 1/3% sa bhliain
Daingneáin & fearais	- 9% sa bhliain
Troscán Oifige & trealamh oifige	-15% sa bhliain
Mótarfheithiclí	-20% sa bhliain

Is ionann an luach iarmharach agus an luach measta a d'fhéadfadh a fháil ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh laghdú na gcostas measta diúscairthe, sa chás go bhfuil an tsócmhainn fós ag aois agus i gcoinníoll a d'fhéadfadh ag súil ag deireadh a saolré ionchais. Glacann an Coimisiún le híostairseach caipitlithe de €1,000.

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú luach sócmhainne, aithnítear cailteanas lagaithe i Ráiteas loncaim agus Caiteachais na bliana.

1.4 Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiach amhrasach. Is soláthar ar leith é an soláthar in aghaidh fiach amhrasach, agus bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Coimisiún in ann na méideanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach céim maidir le soláthar in aghaidh fiach amhrasach sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais.

1. Beartais chuntasaíochta (ar lean)

1.5 Cúlchiste Caipitil

Is ionann an cúlchiste caipitil agus an méid ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

1.6 Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha agus a bhaineann le hioncaim agus costais isteach go euro agus aistrítear iad ag rátaí malairte na dátaí ar ar tharla na hidirbhearta.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha isteach go euro agus aistrítear iad ag rátaí malairte dháta an Ráitis Staide Airgeadais.

1.7 Sochair Ghearrthéarma

Aithnítear sochair ghearrthéarma amhail saoire le pá mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a forbraíodh ag deireadh bliana san fhigiúr iníochta sa Ráiteas Staide Airgeadais.

1.8 Sochair Scoir

(a) Príomhscéim

Tá Coimisinéirí agus fostaithe a earcaíodh go díreach ag obair sa Choimisiún. Tá scéim pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm do na Coimisinéirí agus foireann an Choimisiúin. Baineann an scéim dóibh siúd a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 nó dóibh siúd a ceapadh i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 le réamhsheirbhís leanúnach cháilithíoch i gcomhlacht seirbhísí poiblí eile. Maoinítear an ciste le ranníocaíochtaí ó na Coimisinéirí, fostaithe agus an Coimisiún, agus aistrítear iad go ciste iontaobhais ar leith.

Ghlac an Coimisiún le FRS 102 agus bhí tionchar aige ar ríomh na Sochar Scoir. Ríomhtar na sócmhainní scéime pinsin ag luach cóir. Ríomhtar dliteanais scéime pinsin ar bhonn achtúireachta lena n-úsáidtear an modh aonaid formheasta. Cuirtear aon bharrachas dliteanas scéime thar shócmhainní scéime sa Ráiteas Staide Airgeadais mar dhliteanas.

Tá an táille phinsin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais comhdhéanta den chostas seirbhíse reatha móide an difríocht idir an t-aisíoc ionchais ar na sócmhainní scéime sochair shainithe agus costas úis na ndliteanas scéime.

(b) An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Oibrítear an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”) sa Choimisiún chomh maith, atá mar scéim sochair shainithe d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Anuas air sin, tá an Coimisiún faoi dhliteanas ranníocaíocht fostóra a íoc go dtí an RCPA de réir Chiorclán 28/2016 an RCPA.

Chomh fada is a thagann dliteanas ábhartha chun cinn, bíonn an dliteanas maidir le baill na Scéime Aonair ag teacht le sócmhainn chistiúcháin iarchurtha ar bhonn fhorálacha Ailt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Clúdaítear an ranníocaíocht fostóra sa táille phinsin atá sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Tá an costas seirbhíse reatha móide ús ar an dliteanas SPSPA fritháirithe ag méid comhionann de chistiúchán iarchurtha. Ríomhtar an dliteanas SPSPA ar an mbonn céanna den príomhscéim mar atá leagtha amach thuas.

Aithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a thagann ó athruithe sna meastacháin achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain inar tharla siad.

1. Beartais chuntasaíochta (ar lean)

1.8 Sochair Scoir (ar lean)

Léiríonn na ráitis airgeadais na sócmhainní agus dliteanais, ag luach cóir, a thagann ó oibleagáidí pinsin le sochar sainithe an Choimisiúin agus aon chistiúchán gaolmhar, agus aithnítear an costas a bhaineann leis na sochair phinsin a sholáthar sa tréimhse chuntasaíochta inar thuilleadh iad ag fostaithe. Ríomhtar dliteanas scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach le modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

1.9 Cánachas

Níl an Coimisiún faoi dhliteanas Cánach Corparáide. Ní ghabhann CBL leis an ioncam a thuilleann an Coimisiún. Déantar foráil don cháin ar ús ar thaisce a fuarthas.

1.10 Leithdháileadh na gCostas

Faoi Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ceanglaítear don Choimisiún idirdhealú a dhéanamh idir a fheidhmeanna maidir le cumarsáid leictreonach, a fheidhmeanna maidir le hábhair phoist agus a fheidhmeanna maidir le seirbhísí ardráta. Aithnítear leo féin na hioncaim agus na speansais a bhaineann go díreach le gach feidhm sna cuntais. Leithdháiltear forchostais chomhroinnte do gach feidhm bunaithe ar líon na mball foirne atá ag obair i ngach aon fheidhm.

1.11 Tuairimí agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ag ardbhainistíocht, ní mór dóibh tuairimí, meastacháin agus buntuiscintí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a tuairiscíodh do shócmhainní agus dliteanais de réir dháta an Ráitis Staide Airgeadais agus na méideanna ioncaim agus speansais a tuairiscíodh le linn na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin go mbeadh torthaí éagsúla ó na cinn a measadh, áfach, agus d'fhéadfadh iad a bheith ábhartha. Bhí an tionchar is suntasaí ag na tuairiscí seo a leanas ar na méideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

a) Luachanna Dímheasa agus Iarmharacha

Rinneadh athbhreithniú ag an gCoimisiún ar shaolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara na gcineálacha sócmhainne seasta go léir, agus go háirithe, saolré ionchais eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas, agus socraíodh go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

b) Oibleagáid Shochair Scoir

Déantar na buntuiscintí atá mar bhunús leis na luachálacha achtúireacha lena n-aimsítear na méideanna atá sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear ráta lascaine, rátaí méadaithe sna leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar choinníollacha reatha eacnamaíocha, agus aon athrú ábhartha le téarmaí agus coinníollacha na bpleananna sochair scoir agus iar-scoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ar na buntuiscintí ag:

- (i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta fáltais ar bhannaí corparáide ardcháilíochta
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha sa mhargadh fostaíochta amach anseo.

2. Ioncam Neamhthobhaigh

	An bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2021	An bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2020
	Iomlán €'000	Iomlán €'000
Táillí Ceadúnaithe Cumarsáid Leictreonach		
2G & 3G Táillí Ceadúnaithe Raidió	7,936	7,936
Táillí Ceadúnaithe Úsáid Léirscaoilte	22,633	22,729
Táillí Ceadúnaithe Raidió Eile	13,503	14,169
	44,072	44,834
Ioncam Speictrim Cumarsáid Leictreonach		
Ioncam Speictrim 3G	7,600	7,600
Ioncam Speictrim 400MHz	-	320
	7,600	7,920

Gnóthaíodh le hIoncam Speictrim 3G €7.6m (2020: €7.6M) in 2021 i leith na gceadúnas 3G a eisíodh in 2007.

Stiúradh Duais Bandaspeictrim 400 Mhz le linn 2019 agus fógraíodh an toradh i Samhain 2019. Fuarthas táille láithreach de €0.32m agus aithníodh é mar Ioncam in 2020.

	An bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2021	An bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2020
	Iomlán €'000	Iomlán €'000
Ioncam Eile		
Ioncam Ilghnéitheach	1,163	2,052

Áirítear san Ioncam Ilghnéitheach Neamhthobhach 2021:

I Nollaig 2018 tháinig ComReg ar réiteach le Eircom Teoranta (“Eircom”) maidir le dlíthíocht chomhlíonta áirithe a tugadh os comhair na hArd-Chúirte. Socraíodh go n-íocfaidh Eircom ar an iomlán €3 milliún le ComReg i leith na dlíthíochta comhlíonta agus cásanna comhlíonta oscailte áirithe. As an iomlán de €3m, íocadh €2m sa bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2020 agus rinneadh an íocaíocht deiridh de €1 in Iúil 2020.

Áirítear san Ioncam Ilghnéitheach suimeanna éagsúla chomh maith atá iníoctha don Choimisiún ar dá bun comhlíonadh agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe a rinneadh sa tréimhse. Sa chás gur cuireadh na gníomhaíochtaí sin i gcrích trí mheán socraithe dhlíthiúil, d’fhéadfadh iad a bheith faoi réir clásail rúndachta. Áirítear anseo ús bainc a thuilleadh chomh maith.

3. Costais Foirne

	Cumarsáid Leictreonach		Post	PRS	An bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2021	An bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2020
	Tobhach €'000	Eile €'000	Tobhach €'000	Tobhach €'000	Iomlán €'000	Iomlán €'000
Sochair fostaithe ghearrthearma Ranníocaíochtaí fostóra go leas sóisialta	8,324 801	4,309 414	602 58	275 26	13,510 1,299	12,007 1,154
	9,125	4,723	660	301	14,809	13,161
Bhí an meánlíon foirne fostaithe ag an gCoimisiún le linn na bliana, de réir catagóire, mar seo a leanas:	83	49	5	5	142	136
Sochair Fostaithe ghearrthearma						
Bunphá					12,442	10,925
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht#					1,051	1,065
Liúntais					17	17
					13,510	12,007

#Tá scéim chúitimh i gcoibhneas le feidhmíocht i bhfeidhm sa Choimisiún (a cuireadh ar bun ar an gcéad dul síos ag Oifig an Stiúrthóra Rialála Teileachumarsáide). Tá an scéim bunaithe ar fheidhmíocht aonair agus formheasann an Coimisiún gach íocaíocht a dhéantar faoin scéim. As costas iomlán na sochar Gearrthearma Fostaithe, is ionann €1,051,000 (nó 8%) den iomlán agus íocaíochtaí do bhaill foirne de réir fhorálacha na scéime cúitimh i gcoibhneas le feidhmíocht agus téarma a gconraí fostaíochta (2020: €1,065,000 (9%)).

Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá Príomhphearsanra Bainistíochta ComReg comhdhéanta de chomhaltaí an Choimisiúin. Léirítear thíos sonraí chúiteamh chomhaltaí an Choimisiúin (gan luach na sochar scoir a thuilleadh sa tréimhse san áireamh). Is baill iad den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair nó den scéim pinsean seirbhíse poiblí eiseamláireach agus ní théann a dteidil thar théarmaí na scéime pinsean seirbhíse poiblí eiseamláireach.

	Iomlán Luach Saothair €'000
Garrett Blaney – Cathaoirleach	183
Jeremy Godfrey – Coimisinéir	166
Robert Mourik – Coimisinéir	166

4. Comhairle Theicniúil

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020
	€'000	€'000
Comhairle Ghairmiúil/Theicniúil agus Comhairle/Seirbhísí Eile Oiliúint Foirne agus Forbairt Ghairmiúil	9,264 419	10,196 601
	9,683	10,797

5. Costais Dlí

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020
	€'000	€'000
Luaitear na costais dlí glan ó chostais a gnóthaíodh ó thríú páirtithe	3,195	2,221

6. Costais Riaracháin

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020
	€'000	€'000
Trealamh agus Cothabháil TF	1,687	1,289
Síntiúis do Bhunachair sonraí/Tuarascálacha Taighde	425	416
Taistil agus Maireachtáil	-	206
Comhdhálacha/Cruinnithe	44	137
Poist agus Teileachumarsáid	119	146
Páipéarachas	15	27
Foilsíú agus Cur Chun Cinn	102	212
Earcaíocht	43	60
Solas, Teas agus Glantachán	10	134
Árachas	52	44
Costais Riaracháin Eile	188	244
	2,685	2,915

7. Áitreabh, Gléasra Agus Trealamh

	Teicniúil Trealamh	Trealamh Trealamh Bogearra	Daingneáin, Feistis & Oifig Trealamh	Mótar- fheithicilí	Iomlán	
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	
Costas						
Ar an 30 Meitheamh 2020	3,051	10,836	4,521	312	18,720	
Breiseáin	88	1,855	-	48	1,991	
Diúscairtí	(55)	-	-	(42)	(97)	
Ar an 30 Meitheamh 2021	3,084	12,691	4,521	318	20,614	
Dímheas Carntha						
Ar an 30 Meitheamh 2020	2,323	8,545	1,475	158	12,501	
Diúscairtí	(31)	-	-	(30)	(61)	
Muirear don tréimhse	274	1,522	443	46	2,285	
Ar an 30 Meitheamh 2021	2,566	10,067	1,918	174	14,725	
Glanluach de réir na Leabhar						
An 30 Meitheamh 2021	518	2,624	2,603	144	5,889	
An 30 Meitheamh 2020	728	2,291	3,046	154	6,219	

Áirítear sna Breiseanna Trealaimh Ríomhaireachta in 2021 €1.267m de Chostais Forbartha FT (2020: €1.104m).

8. Infháltais

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020	
	€'000	€'000	
<i>Dlite in aon bhliain amháin:</i>			
Tobhach riaracháin Cumarsáide Leictreonaí	267	1,203	
Ioncam ó Cheadúnas Raidió	2,476	2,713	
Ioncam Carnach	746	34	
Réamhíocaíochtaí & Speansais in-aisghabhála	635	1,177	
	4,124	5,127	

9. Infheistíochtaí Gearrthearma

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020	
	€'000	€'000	
Infheistíochtaí Gearrthearma	40,000	73,500	

Bíonn Nótaí Stáitchiste a ceannaíodh ón nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Teoranta sna hInfheistíochtaí Gearrthearma. Cuireann an Coimisiún airgead ar láimh sa bhreis in infheistíochtaí gearrthearma. Is ionann an t-airgead ar láimh seo don mhórchuid agus barrachais ginte ag an gCoimisiún atá iníoctha don Stáitchiste (mar atá nochtta i Nóta 11) agus airgead ar iontaobhas maidir le tiomantais déanta ag tríú páirtithe leis an gCoimisiún agus aisíocaíochtaí féideartha i leith tús iarchurtha ceadúnas áirithe (mar atá nochtta chomh maith i Nóta 11).

10. Imréiteach an Ghlanmhéadaithe in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid go Gluaiseacht i nGlanchistí

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020	
	€'000	€'000	
Méadú / (Laghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid sa tréimhse sin	4,770	(747)	
(Laghdú) in Infheistíochtaí Gearrthearma	(33,500)	25,000	
Leasú in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	(28,730)	24,253	
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tosaigh	82,347	58,094	
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Deiridh	53,617	82,347	

11. Suimeanna Iníoctha

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020	
	€'000	€'000	
Suimeanna Iníoctha			
<i>Suimeanna dlite in aon bhliain amháin</i>			
Creidiúnaithe Trádála	1,902	1,693	
Creidiúnaithe Eile	6,123	6,319	
Cáin bhreisluacha	95	134	
Fabhruithe	1,215	1,259	
Ioncam iarchurtha (féach an anailís thíos)	24,796	24,670	
Párolla	1,378	745	
Iníoctha don Lárchiste (féach Nóta 13)	22,232	52,654	
	57,741	87,474	

Áirítear sna Creidiúnaithe Eile aisíocaíochtaí féideartha de €6.1m (2020: €6.3m) i leith tús iarchurtha na gceadúnas Banda Úsáide Léirscaoilte 3.6GHz. Áirítear na méideanna comhfhreagracha in iarmhéid ó dheireadh na bliana Infheistíochtaí Gearrthéarma an Choimisiúin.

Anailís ar Ioncam Iarchurtha			
Ioncam ó Cheadúnas Raidió	24,655	24,257	
Eile	141	413	
	24,796	24,670	

Sa chás go ndéantar ceadúnais a athnuachan ar feadh tréimhse a théann thar dheireadh na bliana airgeadais, déantar cuid den ioncam sin a iarchur chun íoc as caiteachas na bliana dar gcionn.

12. Cúlchistí Caipitil

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020	
	€'000	€'000	
Iarmhéid Tosaigh	6,219	7,185	
<i>Aistriú (go) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:</i>			
Sócmhainní dochta breise	1,991	1,561	
Amúchadh de réir dímheas sócmhainní dochta	(2,321)	(2,527)	
Méid arna scaoileadh ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	-	-	
Glanmhéid ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	(330)	(966)	
Iarmhéid deiridh	5,889	6,219	

13. Leithghabháil Barrachais

Leagtar síos in Alt 30 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 go bhféadfadh an tAire, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ordú a thabhairt don Choimisiún méideanna a íoc don Státchiste. Socraíonn an tAire ar an méid atá le híoc i ndiaidh comhairle leis an gCoimisiún. Tá an Coimisiún ag fanacht ar threoir ón Roinn maidir leis an gcinneadh deiridh faoin mhéid iníoctha don Lárchiste don bhliain dar chríoch an 30 Meitheamh 2021.

Déantar an méid dlite don Státchiste a mheas trí thagairt don bharrachas arna dtaifeadadh ag an gCoimisiún sa tréimhse, leasaithe i gcomhair roinnt nithe mar atá leagtha amach thíos.

	Méid Comhlán Dlite	Pinsean Leasú(b)	Glanmhéid Dlite
	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid dlite don Státchiste ar an 30 Meitheamh 2020	54,454	(1,800)	52,654
Barrachas do 2021	23,845		23,845
Íoctha in 2021	(54,134)		(54,134)
Leasú cúlchiste pinsin (a)	(133)		(133)
Aisghlámadh íocaíochta ciste pinsin (b)	(320)	320	-
Iarmhéid ar an 30 Meitheamh 2021	23,712	(1,480)	22,232

Léirítear thíos na figiúirí comparáideacha maidir leis an méid dlite don Státchiste ar an 30 Meitheamh 2020.

13. Leithghabháil Barrachais (ar lean)

	Méid Comhlán Dlite	Pinsean Leasú(b)	Glanmhéid Dlite
	€'000	€'000	€'000
Iarmhéid dlite don Státchiste ar an 30 Meitheamh 2019	27,106	(2,120)	24,986
Barrachas do 2020	27,621		27,621
Íochta in 2020	-		-
Leasú cúlchiste pinsin (a)	47		47
Aisghlámadh íocaíochta ciste pinsin (b)	(320)	320	
Iarmhéid ar an 30 Meitheamh 2020	54,454	(1,800)	52,654

- (a) Léiríonn an leasú don chiste pinsin an difríocht idir an méid pinsin a gearradh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais in 2021 de €2,779,000 (2020: €2,919,000) agus na ranníocaíochtaí fostóra le linn na tréimhse de €2,912,000 (2020: €2,872,000).
- (b) Rinne an Coimisiún ranníocaíocht iomlán de €5m dá chiste pinsin (€2.5m in 2008 agus €2.5m in 2009, iomlán de €5m). Léirítear an méid atá dlite don Státchiste glan ón ranníocaíocht sin atá á aisghabháil ag €320,000 sa bhliain de réir mar a dhéantar íocaíochtaí don Státchiste. In 2021 rinneadh íocaíochtaí aon bhliana agus bhí aisghlámadh de €320,000 (2020: €320,000) dá réir.

14. Áitribh Agus Lóistín

Bogadh an Coimisiún go háitribh nua ar léas lonnaithe ag Uimhir a hAon Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, Baile Átha Cliath 1 ar an 6 Meitheamh 2017. Tá na háitribh ar cíós ag costas de €1.6m (gan CBL san áireamh) per annum.

Tá iomlán na n-íosíocaíochtaí oibriúcháin ar léas amach anseo (gan CBL san áireamh) faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe i leith na n-áitreabh atá in úsáid ag an gCoimisiún mar seo a leanas:

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020
	€'000	€'000
Iníochta:		
In aon bhliain amháin	1,679	1,662
Idir bliain amháin agus cúig bliana	6,500	6,648
Breis is cúig bliana	150	3,561
	8,329	11,871

15. Ballraíocht In Eagraíochtaí Teileachumarsáide Idirnáisiúnta

Déanann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) íocaíocht as íocaíochtaí áirithe go hEagraíochtaí Idirnáisiúnta Teileachumarsáide leis na fáltais ón Tobhach Riaracháin Cumarsáide Leictreonaí. Áirítear sa mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais €722,000 (2020: €699,000) chun na críche sin. Déantar muirir mar sin a sonrascadh don RCAC agus aisíocfar iad ina dhiaidh sin ag ComReg.

16. Coimisinéirí, Baill Foirne Agus Comhairleoirí/Sainchomhairleoirí – Nochtadh Leasanna

Chloígh na Coimisinéirí agus an fhoireann le ceanglais Ailt 25 (Nochtadh Leasanna) den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Ní raibh aon idirbheart le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh leas ag na Coimisinéirí ná ag comhairleoir nó ag sainchomhairleoir ar bith.

17. Sochair Scoir

a) Cur síos na Scéime

Is údarás rialála náisiúnta é an Coimisiún bunaithe faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Déantar foráil le hAilt 26 agus 27 den Acht go ndéanfaidh an Coimisiún scéimeanna chun sochair aoisliúntais a cheadú do agus i leith Coimisinéirí agus baill foirne, faoi réir fhorghníomhaíochtaí an Aire.

Tá scéim cistiúcháin shochair shainithe á hoibriú d'fhostaithe an Choimisiúin. Sainmhínítear sochair na scéime trí thagairt do rialacháin na scéime seirbhíse poiblí 'eiseamláireach' reatha. Socraítear rátaí ranníocaíochtaí fostóra bunaithe ar chomhairle achtúireach agus athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta cistiúcháin atá de dhíth don scéim. Leis an scéim tá sochar scoir (aon ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus sochair scoir don chéile agus do na páistí. Is í an ghnáthaois scoir ná 65ú breithlá an chomhalta. De ghnáth tagann méadú ar shochair scoir san íocaíocht (agus san iarchur) de réir boilsciú tuarastail ginearálta san earnáil poiblí.

Tá an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") i bhfeidhm sa Choimisiún chomh maith do bhaill foirne a tháinig isteach sa Scéim Aonair ar an nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Anuas air sin, tá an Coimisiún faoi dhliteanas ranníocaíocht fostóra a íoc go dtí an RCPA de réir Chiorclán 28/2020 an RCPA. Tugadh cuntas ag an gCoimisiún i gcostais agus dliteanais faoin scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair (ón 1 Iúil 2017) ar bhonn a tabhaíodh iad.

Chun críocha tuairiscithe de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102), cuireadh i gcrích nuashonrú den athbhreithniú achtúireach (i leith na scéime cistiúcháin shochair shainithe) ar an 30 Meitheamh 2021.

17. Sochair Scoir (ar lean)

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020
	€'000	€'000
b) Costais Shochair Scoir Comhdhéanta de:		
<i>Scéim Sochair Shainithe</i>		
Costas seirbhíse reatha	2,302	2,469
Costas úis	1,207	1,140
Toradh ionchais ar Shócmhainní Scéime	(1,067)	(904)
Lúide Ranníocaíochtaí Fostaithe	(393)	(389)
	2,049	2,316
<i>An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPA)</i>		
Ranníocaíocht Fostóra	730	603
Ranníocaíocht Fostóra	1,157	920
Costas Seirbhíse Reatha*	60	41
Costas Úis	(1,217)	(961)
Leasú don chistiú Pinsin Státchiste iarchurtha	730	603
Iomlán Costas Sochair Scoir	2,779	2,919
*Áiríodh ranníocaíochtaí fostaithe de €242,000 (2020: €201,000) a tugadh ar ais don RCPA, i ríomh an chostais seirbhíse reatha.		
c) Glan ó Dhliteanas Sochair Scoir (Scéim Sochair Shainithe)		
(i) Comhdhéanta de:		
Luach cóir na Sócmhainní Scéime	69,724	58,194
Luach Reatha na nOibleagáidí Sochair Scoir	(78,060)	(67,235)
Glan (Dliteanas)	(8,336)	(9,041)

Nóta: Tá Dliteanas an Chláir Comhardaithe i leith Shochair Scoir na Scéime Aonair in 2021 comhdhéanta de Shócmhainn Chistiúcháin Iarchurtha de €5.304m (2020: €3.317m) chun teacht le Dliteanas na Scéime Aonair de €5.304m (2020: €3.317m) lena dtugtar Glandliteanas nialasach.

17. Sochair Scoir (ar lean)

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020	
	€'000	€'000	
(ii) Luach Reatha na nOibleagáidí Sochair Scoir ag tús na bliana (Scéim Sochair Shainithe)	67,235	71,386	
Costas Seirbhíse Reatha	2,302	2,469	
Costas Úis	1,207	1,140	
(Gnóthachan) / Cailteanas Achtúireach	7,712	(7,411)	
Sochair Íoctha	(329)	(288)	
Bisigh Íoctha	(67)	(61)	
Luach Reatha na nOibleagáidí Sochair Scoir ag deireadh na bliana (Scéim Sochair Shainithe)	78,060	67,235	
(iii) Athrú sna Sócmhainní Scéime (Scéim Sochair Shainithe) Luach Cóir na Sócmhainní Scéime ag tús na bliana	58,194	55,359	
Toradh ionchais ar Shócmhainní Scéime	1,067	904	
Gnóthachan / (Cailteanas) Achtúireach	8,284	(378)	
Ranníocaíochtaí Fostóra	2,182	2,269	
Ranníocaíochtaí Comhaltaí	393	389	
Sochair Íoctha	(329)	(288)	
Bisigh Íoctha	(67)	(61)	
Luach Cóir na Sócmhainní Scéime ag deireadh na bliana	69,724	58,194	
Cuirtear an cleachtas reatha agus sochair scoir a mhéadú i gcomhréir le boilsciú tuarastail na hearnála poiblí san áireamh agus an oibleagáid sochair scoir shainithe á ríomh.			
(iv) Dlíteanas Sochair Scoir (SPSPA) Luach Reatha ar an 1 Iúil 2020	3,317	2,540	
Costas Seirbhíse Reatha	1,157	920	
Costas Úis	60	41	
(Gnóthachan) / Cailteanas Achtúireach	770	(184)	
Sochair Íoctha	-	-	
Luach Reatha ar an 30 Meitheamh 2021	5,304	3,317	

17. Sochair Scoir (ar lean)

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020	
	€'000	€'000	
(d) Comhdhéanamh Sócmhainne Scéime (Scéim Sochair Shainithe) <i>Ag deireadh na bliana ba ionann na sócmhainní scéime agus:</i>			
Gnáthscaireanna	31,310	23,338	
Bannaí	26,466	23,581	
Áitreabh	615	629	
Airgead Tirim agus Sócmhainní leachtacha eile	11,333	10,646	
	69,724	58,194	
<i>Ag deireadh na bliana ba ionann na sócmhainní scéime i dtéarma % agus:</i>			
	%	%	
Gnáthscaireanna	44.9%	40.1%	
Bannaí	38.0%	40.5%	
Áitreabh	0.9%	1.1%	
Airgead Tirim agus Sócmhainní eile*	16.2%	18.3%	
	100.0%	100.0%	
*Comhdhéanta de straitéisí malartacha agus cistí feabhsaithe toraidh.			
Úsáideadh réamh-mheastacháin meánré ualaithe chun oibleagáidí sochair a mheas (Scéim Sochair Shainithe)	%	%	
Ráta Lascaine	1.75%	1.80%	
Ráta méadaithe cúitimh	3.20%	2.80%	
Úsáideadh réamh-mheastacháin meánré ualaithe chun costas sochair a mheas (Scéim Sochair Shainithe)	%	%	
Ráta Lascaine	1.80%	1.60%	
Toradh fadtéarma ionchais ar shócmhainní scéime	1.75%	1.80%	

17. Sochair Scoir (ar lean)

	An 30 Meitheamh 2021	An 30 Meitheamh 2020
	%	%
(e) Príomh-Réamh-Mheastacháin Achtúireacha, Airgeadais & Dhéimeagrafacha (Scéim Sochair Shainithe)		
<i>Bhí na réamh-mheastacháin a úsáideadh mar seo a leanas:</i>		
Ráta Lascaine	1.75%	1.80%
Arduithe ar thuarastail	3.20%	2.80%
Arduithe ar phinsin	2.70%	2.30%
Méaduithe Boilscithe	1.70%	1.30%

Bhí na réamh-mheastacháin Dhéimeagrafacha a úsáideadh mar seo a leanas:

	2021	2020
Mortlaíocht Roimh-Scoir & Iar-Scoir	S3PMA le feabhsuithe CMI 2019 (1.5%) do gach comhalta.	S2PMA le feabhsuithe CMI 2016 (1.5%) do gach comhalta.
Scor	Glactar leis go n-imíonn na comhaltaí go léir a thosaigh roimh an 1 Aibreán 2004 ar scor ag aois 60 agus go n-imíonn gach comhalta eile ar scor ag 65.	Glactar leis go n-imíonn na comhaltaí go léir a thosaigh roimh an 1 Aibreán 2004 ar scor ag aois 60 agus go n-imíonn gach comhalta eile ar scor ag 65.
Scor Drochshláinte	Gan liúntas.	Gan liúntas.
Luathscor	Gan liúntas.	Gan liúntas.
Cúluithe	Gan liúntas.	Gan liúntas.
Céatadán atá pósta	Glactar leis go bhfuil 90% de chomhaltaí pósta.	Glactar leis go bhfuil 90% de chomhaltaí pósta.
Éagsúlacht Aoise idir céilí	Glactar leis go mbíonn fear 3 bliana níos sine ná a chéile.	Glactar leis go mbíonn fear 3 bliana níos sine ná a chéile.

* Tá na réamh-mheastacháin mhortlaíochta a roghnaíodh bunaithe ar tháblaí caighdeánacha a léiríonn gnáthmhortlaíocht pinsinéara agus tá teagmhas iontu do mhéadú ar ionchas saoil thar am.

17. Sochair Scoir (ar lean)

Déantar na buntuisintí atá mar bhunús leis na luachálacha achtúireacha lena n-aimsítear na méideanna atá sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear ráta lascaine, rátaí méadaithe sna leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar choinníollacha reatha eacnamaíocha, agus aon athrú ábhartha le téarmaí agus coinníollacha na bpleananna sochair scoir agus iar-scoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ar na buntuisintí ag:

- (a) an ráta lascaine, athruithe sa ráta fáltais ar bhannaí corparáide ar ardcháilíocht.
- (b) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí mhargadh an tsaothair amach anseo.

	An 30 Meitheamh 2021 €'000	An 30 Meitheamh 2020 €'000	An 30 Meitheamh 2019 €'000	An 30 Meitheamh 2018 €'000	An 30 Meitheamh 2017 €'000
(f) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus cailteanais ó thaithí					
Oibleagáidí sochair shainithe	78,060	67,235	71,386	59,000	57,448
Luach cóir na Sócmhainní Scéime	<u>(69,724)</u>	<u>(58,194)</u>	<u>(55,359)</u>	<u>(51,695)</u>	<u>(47,350)</u>
Easnamh don Scéim cistithe	8,336	9,041	16,027	7,305	10,098
Leasú ó Thaithí ar Shócmhainní Scéime	8,284	(378)	747	2,311	1,661
- céatadán na sócmhainní scéime	11.9%	0.6%	1.3%	4.5%	3.5%
(Cailteanais) / gnóthachain ó thaithí ar Dhliteanais Scéime ComReg					
- méid	(14)	(17)	904	533	823
- céatadán na nDliteanas Scéime	0%	0%	1.3%	0.9%	1.4%
Gnóthachain / (cailteanais) ó thaithí ar Dhliteanais Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair					
- méid	(72)	299	(28)	10	
- céatadán na nDliteanas Scéime	1.4%	9.0%	1.1%	0.6%	

(g) Seirbhís Inphinsin Roimh Ré

Baineann dliteanais na scéime pinsin le sochair scoir ag teacht chun cinn ó sheirbhís leis an gCoimisiún agus seirbhís le comhlachtaí poiblí eile roimh theacht chuig an gCoimisiún sa chás go bhfuil an Coimisiún ar an eolas faoin tseirbhís sin. Tá an Coimisiún i dteideal iarracht a dhéanamh costas cistiúcháin na seirbhíse roimhe a aisghabháil ó na comhlachtaí poiblí eile faoi théarmaí a bhallaíocht sa Líonra Aistrithe don tSeirbhís Phoiblí

I gcomhair seirbhís aistrithe ag comhaltaí roimh an 30 Meitheamh 2021, ba é luach iomlán íocaíochtaí mar sin don bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2021 ná Nialasach (2020: Nialasach).

Léirítear íocaíochtaí maidir le haistriúcháin sa tseirbhís (nuair a bhfuarthas) mar mhír eile sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

17. Sochair Scoir (ar lean)

(h) Cistiúchán na sochar scoir

Rinneadh luacháil achtúireach thríbhliantúil na scéime ar an 1 Eanáir 2020 agus socraíodh ar an ráta ranníocaíochta molta ina dhiaidh sin. Déanfar an chéad luacháil achtúireach thríbhliantúil eile ar an 1 Eanáir 2022.

(i) Sócmhainn Chistiúcháin Iarchurtha do Phinsin (Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair)

I gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, agus an Coimisiún mar an “tÚdarás Ábhartha” ríomhadh an sochar scoir infheidhme leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar an 30 Meitheamh 2021. Baineann an tsócmhainn chistiúcháin iarchurtha do phinsin le cruthú sócmhainne cothrom le dliteanas sochair shainithe na scéime seo. Bíonn an dliteanas i leith bhaill na Scéime Aonair ag teacht le sócmhainn chistiúcháin iarchurtha ar bhonn fhorálacha Alt 44 an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

18. Dlíteanais Theagmhasacha

Tá na costais dlí a thabhaíodh go dáta foráilte go hiomlán sna ráitis airgeadais seo. Tá baint ag an gCoimisiún i roinnt cásanna dlí, áfach, agus tá toradh na gcásanna sin neamhchinnte. Níor cuireadh na costais féideartha amach ar fáil toisc an mhíchainteacht a bhaineann leis an toradh agus na costais féideartha a d’fhéadfadh a thabhu.

19. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Mar chuid den ghnáthchúrsa gnó, bhí idirbhearta ag an gCoimisiún le ranna eile rialtais agus le comhlachtaí stáit eile. Foilsítear Luach Saothair Príomh-Bhainistíochta i Nóta 3.

20. Rannaíocaíocht Aoisliúntais Sa Bhreis

Baineadh suim de €508,000 (2020: €484,000) ó thuarastail i leith na Rannaíocaíochta Aoisliúntais sa Bhreis a íocadh don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide sa bhliain dar chríoch an 30 Meitheamh 2021.

21. Imeachtaí Iar-Cláir Chomhardaithe

Níor tharla aon imeacht do na ráitis airgeadais seo idir an dáta tuairiscithe agus an dáta formheasa a cheanglaíonn aon leasú do na ráitis airgeadais.

Aithníonn an Coimisiún gur imeacht suntasach é Covid-19 atá fós ann ón dáta tuairiscithe. Bíonn an Coimisiún ag plé le cúrsaí go dáiríre agus déantar monatóireacht ar an scéal, i bpáirt le bainistíocht, ar bhonn leanúnach. Tá an gnó fós ag feidhmiú le beartas i bhfeidhm chun an fhoireann agus na cliant a chosaint. Tá na Coimisinéirí agus an fhoireann ag obair ó chian agus tá seirbhísí fós á sholáthar. Go dtí seo, tá oibriúcháin agus gníomhaíochtaí ComReg go léir á chothabháil fad a táthar ag teacht i dtáthar ar bhealach éagsúil trína ndéantar an gnó a sholáthar. Bailítear ár dtobhaigh agus táillí earnála ar bhonn reachtúla agus bíonn dlúthmhonatóireacht á dhéanamh ar fheidhmíocht agus oibríochtaí ComReg agus soláthraítear tuarascálacha airgeadais rialta don Choimisiún.

22. Gnóthas Leantach

Measann an Coimisiún, fad a bhailítear fáiltas tobhaigh agus táille arna bhforáiltear dóibh sna hIonstraimí Reachtúla de réir réamh-mheastachán, go bhfuil sé oiriúnach na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

23. Formheas Na Ráiteas Airgeadais

Formheasadh na ráitis airgeadais seo ag Robert Mourik, Cathaoirleach, don Choimisiún, ar an 27 Eanáir 2022.



An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide
Commission for
Communications Regulation

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
Commission for Communications Regulation
1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, BÁC 1, Éire, D01 E4X0.
One Dockland Suíomh Central, Guild Street, Dublin 1, Ireland, D01 E4X0.
Teil | Tel +353 1 804 9600 | Web www.comreg.ie



An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide
Commission for
Communications Regulation